

Fís Phóil d'Aosach Chonamara

An Bhrionglóid á Fíoradh

“Si Monumentum Queris Respice” – “Má theastaíonn leac cuimhneacháin uait, breathnaigh i do thimpeall”. Tá an ráiteas sin scríofa ar Ardeaglais Naomh Pól i Londain i gcuimhne ar Sir Criostopher Wren, an tAiltire a thóg í. Bhí an abairt chéanna ráite ag Aifreann Shochraide Phóil ar an gCnoc mar aitheantas ar a mhórshaothar don Aosach i gCois Fharraige.



Tearmann Éanna

I n aimsir toghacháin ag tús na nóchaidí, c.1991, thug Pól faoi deara an t-éileamh a bhí ar thithe do sheandaoine sa gceantar agus tar éis taighde a dhéanamh ar an gcás bhunaigh sé an comhlacht, Tearmann Ainnín Teo., leis an gcás a leigheas. Bhí seachtar ar an gCoiste: beirt ó CST – An Sagart agus Pádraic Willie, bheirt as Cumann Forbartha Chois Fharraige – Breandán Ó Tuairisg agus Donncha Ó hÉalaithe agus Sorcha Ní Dhonnchadha ón Udarás, chomh maith le Pól agus Aodán ó Fhorbairt Pobail Teo. Píocadh an Sagart mar Chathaoirleach ar an gComhlacht mar gheall ar a chleachtadh ar thithe

agus Ionad Lae a thógáil do Aosach Dhúiche Sheoigheach i gCuan Muire ar an bhFairche do N.C.S.H.A., an chéad chomhlacht i gConamara a bhí i mbun na hoibre sin. Píocadh Pól mar rúnaí ar Thearmann Ainnín agus taobh istigh do dhá bhliain bhí ceithre dhuine dhéag ina gcónaí sna tithe a tógadh ar an talamh a cheannaigh an comhlacht ón mBanc. Is é an tEaspag Ó Néaraí a bheannaigh iad. Le tacaíocht an phobail a léiriú don Scéim, d’eagraigh Cumann Forbartha Chois Fharraige siúlóid urraithe le troscán a chur isteach sna tithe beaga.

Liosta

Ceapadh córas ag an am le déileáil le liosta na seandaoine a bheadh ag cuartú tí. Ar mholadh ó dhuine cáilithe i gcúrsaí sóisialta den tsórt, cuireadh liosta príorachtaí le chéile do na daoine ba mhó agus ba ghéire ar theastaigh teach uathu, agus b'iad Coiste Thearmann Ainnín a thóg an cinneadh na tithe a roinnt do réir an tslat tomhais a mhol an cigire cáilithe agus ní raibh ceist ar bith faoi fhabhar.

Thug toradh na hoibre i dTearmann Ainnín agus an liosta fada seandaoine a bhí ag éileamh tithe spreagadh do Phól chun dul ar aghaidh le scéim eile de scór tithe a thógáil ar thalamh a ceannaíodh ó Udarás na Gaeltachta sa Tulaigh. Baistíodh "Tearmann Éanna" ar an gcomhlacht nua. Bhí Pól ina Chathaoirleach air agus Aodán ina rúnaí air. Bhí beirt ó Choiste na Tulaí, an Sagart agus Seán Breathnach, Máire Uí Shrutháin, Púirín, Katie Uí Chúláin, Saile Chuana agus Mairéad Uí Neachtain, An Spidéal, in éineacht leo ar an gCoiste nua. Tá 22 sheandaoine ina gcónaí ansin faoi láthair agus tá chuile shórt ag breathnú go hálainn slachtmhar. Is mór an spóirt é.

Ionad Lae

Tá Ionad mór Lae tógtha anois ar thalamh Thearmann Éanna le freastal sóisialta a chur ar fáil d'Aosach Chois Fharraige. Níl i gceist faoi láthair ach dhá lá in aghaidh na seachtaine ach tá sé i gceist seirbhísí iomlána cúig lá in aghaidh na seachtaine a chur ar fáil



Pól Ó Foighil

amach anseo. Ní féidir le Coiste beag deonach a leithéid a dhéanamh ach lena aghaidh sin tá iarratas déanta ag Tearmann Éanna chuig Udarás na Gaeltachta le scéim phíolótach Bainisteoir faoi Oiliúint a cheadú leis na seirbhísí riachtanacha a eagrú. Seirbhís mhór leathan don Aosach atá i gceist.



Aireagal Phóil

*An tIonad Lae*

Clúdaíonn sí seirbhís ó dhochtúir na gcos, ó dhochtúir na súl, ó fhisiteiripeoir, ó ghruaigeadóir agus seirbhís níos éadaí. Tá córas taistil chuig siopaí, Oifig an Phoist, agus ag dochtúir i gceist chomh maith le seirbhís “Béilí ar Rothaí”. Tá ócáidí sóisialta, turas Chnoic Muire, Cóisir na Nollag agus Féile na Bealtaine curtha san áireamh chomh maith.

Tá na seirbhísí sin uilig chomh maith le hathnuachan na scéime “Pobal ar Aire” molta go láidir ag Anne Irwin sa Tuarascáil, ‘Sláinte agus Fad Saoil ár Muintire’, sa taighde a cuireadh ar fáil do CST agus urraithe ag Udarás na Gaeltachta. Tá CST cheana féin ag eagrú seirbhísí ar nós slabhraí sábháilte do dhoirse,

soilse agus comharthaí aláraim do thithe chun freastal ar a bhfuil sean agus tá sé molta chomh maith sa tuarascáil “Sláinte agus Fad Saoil ár Muintire” cónascadh a dhéanamh idir Tearmann Ainnín agus Tearmann Éanna ar bhun éifeachta na seirbhísí dá bhfuil sean.

Seasann an tIonad Lae mar shiombail don mheas atá ag Pobal Chois Fharraige ar an oidhreacht dhúchasach Ghaelach Chríostúil a d’fhág ár muintir againn. Tá Tearmann Éanna thar a bheith suimiúil as a leithéid d’aitheantas a thaispeáint dá bhfuil sean.

Tá foirgneamh mór eile, “Aireagal Phóil”, tógtha ar shuíomh Tearmann Éanna le tabhairt don FSS le

*Suíomh don Ionad Leighis*

freastal ar dhaoine faoi mhíbhuntáiste. Beidh seomraí *en-suite* agus cistín le fáil ag naonúr atá faoi mhíbhuntáiste mar áit chónaithe faoi chúram an FSS agus cead acu freastal ar an Ionad Lae taobh amuigh den doras.

Is gearr go mbeidh “Aireagal Phóil” ar oscailt ach is é an trua nach mbeidh Pól féin i láthair abhus lá a oscailte.

An tIonad Leighis

Le barr slachta agus feabhais a chur ar Thearmann Éanna, tá suíomh le cead pleanála bronnata ag Tearmann Éanna ar an FSS le hIonad Leighis a chur ar fáil do Phobal na Tulaí in aice an Ionaid Lae. Tá an cead pleanála atá faighte á ídiú le ham agus le haimsir agus mura bhfuil an FSE faoi réir lena leithéid a thógáil go gairid do Phobal na Tulaí tá fonn

ar Thearmann Éanna, le cúnamh airgid ón FSS agus ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, an deis a thapú agus dul i mbun oibre iad féin.

Idir an dá linn, tá léas gearrthéarmach tugtha ag Tearmann Éanna don FSS le roinnt seomraí ar cíós a úsáid san Ionad Lae do na dochtúirí agus na banaltraí le freastal ar a bhfuil tinn mar Ionad Leighis sealadach fad a bhéas an ceann nua á thógáil.

B’shin agaibh anois Fís Phóil do ‘Shláinte agus Fad Saoil ár Muintire’. De réir a chéile a nochtaigh sé an t-iomlán don choiste, agus dá mbeadh sé uilig insthe dúinn ar dtús bheadh muid ag smaoineamh gur saochan céile a bhuail an fear. Ach buíochas mór le Dia a chuir a leithéid do smaointe fiúntacha ag snámh in intinn Phóil agus a thug an misneach agus an fuinneamh dó comhoibriú le Coiste Ainnín is Éanna leis an mbua a bhí aige airgead stáit a shú agus a dhiúl d’fhorbairt na n-aosach, tá a bhrionglóid réabhlóideach curtha i gcrích anois.

Maireann an crann ar an glaí ach ní mhaireann an fear a chur ann é. Tá bóthar buailte ag Pól, go ndéana Dia trócaire air agus go gcúití Sé leis thall climín mór a chuid oibreacha abhus ar son a bhfuil sean. Is fiú ar dhúradh faoi Sir Christopher Wry i Londain a chur in oiriúint do shaothar Phóil don aosach: “Má theastaíonn leac cuimhneacháin uait do Phól, breathnaigh i do thimpeall”

Micheál Ó Flannabhra, S.P.

